2026/1328

17.6.2026

CINNEADH (AE) 2026/1328 ÓN gCOMHAIRLE

an 11 Bealtaine 2026

maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin lena mBunaítear Coimisiún Idirnáisiúnta Éileamh don Úcráin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 212, i gcomhar le h Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 16 Nollaig 2025, de bhun Chinneadh (AE) 2025/2655 ón gComhairle ([2]), shínigh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, an Coinbhinsiún lena mBunaítear Coimisiún Idirnáisiúnta Éileamh don Úcráin ('an Coinbhinsiún'), faoi réir a thabhairt i gcrích. Shínigh an Coimisiúin freisin, thar ceann an Aontais, Ionstraim Chríochnaitheach den Chomhdháil Taidhleoireachta maidir leis an gCoinbhinsiún a ghlacadh, a tionóladh sa Háig an 15 agus an 16 Nollaig 2025 ('an Chomhdháil Taidhleoireachta'), arna thionól sa Háig an 15 agus an 16 Nollaig 2025 ('an Chomhdháil Taidhleoireachta'), agus d'fhormheas sé glacadh an Rúin lena leagtar síos na socruithe is gá chun tús a chur le feidhmeanna an Choimisiúin Éileamh arna bhunú leis an gCoinbhinsiún ('an Coimisiún Éileamh') agus chun a shainordú a chomhlíonadh.

(2) Tugtar faoi deara sa Choinbhinsiún gur dara comhpháirt den sásra idirnáisiúnta cúitimh é an Coimisiún Éileamh, agus go bhfuil an Coimisiún Éileamh le teacht i gcomharbas ar Chlár an Damáiste arna bhunú le Rún CM/Res(2023) 3 lena mbunaítear an Páirt chomhaontú Méadaithe maidir le Clár an Damáiste arna dhéanamh ag Fogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin ('Clár an Damáiste'), arna ghlacadh ag Coiste Airí Chomhairle na hEorpa an 12 Bealtaine 2023 ('Clár an Damáiste'). Aistreofar obair Chlár an Damáiste chuig an gCoimisiún Éileamh a luaithe is féidir tar éis bhunú an Choimisiúin Éileamh sin. Aithnítear sa Choinbhinsiún freisin go bhféadfaidh ciste cúitimh amach anseo a bheith san áireamh sa tríú comhpháirt den sásra cúitimh idirnáisiúnta, a mbeidh sainordú aige cúiteamh a íoc as damáiste, caillteanas nó díobháil, arb iad gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta Chónaidhm na Rúise san Úcráin nó ina coinne is cúis leo.

(3) De bhun Airteagal 30 den Choinbhinsiún, tá an Coinbhinsiún ar oscailt lena dhaingniú, le go nglacfar leis, nó lena fhormheas ag Ballstáit uile de Chomhairle na hEorpa, ag an Aontas, ag aon Stát eile a ghlac páirt sa Chomhdháil Taidhleoireachta agus ag aon Stát eile a vótáil i bhfabhar Rún A/RES/ES-11/5 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe. De bhun Airteagal 31 den Choinbhinsiún, is féidir cuireadh a thabhairt do Stáit eile agus d'eagraíochtaí lánpháirtíochta réigiúnacha eile aontú don Choinbhinsiún tar éis dó teacht i bhfeidhm.

(4) Tá an tAontas fós tiomanta go daingean a áirithiú go seasfaidh Cónaidhm na Rúise iarmhairtí dlíthiúla a cuid gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta i gcoinne na hÚcráine, lena n-áirítear an oibleagáid cúiteamh a íoc as aon damáiste, caillteanas nó díobháil arb iad na gníomhartha sin is cúis leo. Ba cheart, dá bhrí sin, an Coinbhinsiún a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, formheastar an Coinbhinsiún lena mbunaítear Coimisiún Idirnáisiúnta Éileamh don Úcráin ([3]) .

([1]) Toiliú an 30 Aibreán 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
([2]) Cinneadh (AE) 2025/2655 ón gComhairle an 16 Nollaig 2025 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Choinbhinsiúin lena mBunaítear an Coimisiún Idirnáisiúnta Éileamh don Úcráin (IO L, 2025/2655, 23.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2655/oj).
([3]) Tá téacs an Choinbhinsiúin foilsithe in IO L, 2026/1327, 17.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/2026/1327/oj.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha ([4]).

Arna dhéanamh in sa Bhruiséil, an 11 Bealtaine 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

([4]) Foilseofar dáta theacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.